# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/136 ÓN gCOIMISIÚN

**an 4 Feabhra 2021**

**lena gceartaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1119 maidir le formheas soilse seachtracha éifeachtúla feithiclí a úsáideann dé-óidí astaithe solais agus atá lena n-úsáid i bhfeithiclí innill dócháin inmheánaigh agus i bhfeithiclí leictreacha hibrideacha nach féidir a luchtú go seachtrach mar theicneolaíocht nuálach chun astaíochtaí $CO_2$ ó ghluaisteáin paisinéirí a laghdú de bhun Rialachán (CE) Uimh. 443/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus de bhun Chinneadh Chur Chun Feidhme (AE) 2020/1339 maidir leis an bhformheas de bhun Rialachán (AE) 2019/631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le soilse seachtracha éifeachtúla feithiclí a úsáideann dé-óidí astaithe solais mar theicneolaíocht nuálach chun astaíochtaí $CO_2$ ó fheithiclí tráchtála éadroma áirithe a laghdú i ndáil leis an Nós Imeachta Tástála Comhchuibhithe Domhanda d'Fheithiclí Éadroma**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 lena socraítear caighdeáin astaíochta $CO_2$ do ghluaisteáin nua paisinéirí agus d'fheithiclí tráchtála éadroma nua, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 443/2009 agus Rialachán (AE) Uimh. 510/2011 ([1]), agus go háirithe Airteagal 11(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foirmle 9 san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1119 ón gCoimisiún ([2]), tá sí mícheart agus dá bhrí sin, ba cheart foirmle cheartaithe nua a chur ina hionad.

(2) Tá an íostairseach maidir le laghduithe $CO_2$ dá dtagraítear i bpointe 6 den Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1339 ón gCoimisiún ([3]) mícheart agus dá bhrí sin, ba cheart an luach dá dtagraítear in Airteagal 9(1)(b) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 427/2014 ón gCoimisiún ([4]) a chur ina hionad.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Cinntí Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1119 agus (AE) 2020/1339 a cheartú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Ceartú ar Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1119**

I bpointe 4.2.2 den Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1119, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Fhoirmle 9:

$$“s_{C_{CO_2}} = \sqrt{\sum_{i=1}^{m}\left(\frac{\partial C_{CO_2}}{\partial P_{EI_i}}\cdot s_{\overline{P_{EI_i}}}\right)^2 + \left(\frac{\partial C_{CO_2}}{\partial K_{CO_2}}\cdot s_{\overline{K_{CO_2}}}\right)^2} = \sqrt{\left(\frac{K_{CO_2}}{v\cdot \eta_{DCDC}}\right)^2\cdot\sum_{i=1}^{m}\left(UF_i\cdot s_{\overline{P_{EI_i}}}\right)^2 + \left(\sum_{i=1}^{m}\Delta P_i\cdot UF_i\right)^2\cdot\left(\frac{s_{\overline{K_{CO_2}}}}{v\cdot \eta_{DCDC}}\right)^2}”$$

*Airteagal 2*

**Ceartú ar Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1339**

I bpointe 6 den Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1339, maidir leis an téacs seo a leanas: cuirtear an méid seo a leanas in ionad "Íostairseach is ea an MT, atá cothrom le 1 g $CO_2$/km":

'Íostairseach is ea an MT, atá cothrom le 0,5 g $CO_2$/km'

([1]) IO L 111, 25.4.2019, lch. 13.

([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1119 ón gCoimisiún an 28 Meitheamh 2019 maidir le formheas soilse seachtracha éifeachtúla feithiclí a úsáideann dé-óidí astaithe solais agus atá lena n-úsáid i bhfeithiclí innill dócháin inmheánaigh agus i bhfeithiclí leictreacha hibrideacha nach féidir a luchtú go seachtrach mar theicneolaíocht nuálach chun astaíochtaí $CO_2$ ó ghluaisteáin paisinéirí a laghdú de bhun Rialachán (CE) Uimh. 443/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 176, 1.7.2019, lch. 67).

([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1339 ón gCoimisiún an 23 Meán Fómhair 2020 maidir leis an bhformheas de bhun Rialachán (AE) 2019/631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le soilse seachtracha éifeachtúla feithiclí a úsáideann dé-óidí astaithe solais mar theicneolaíocht nuálach chun astaíochtaí $CO_2$ ó fheithiclí tráchtála éadroma áirithe a laghdú i ndáil leis an Nós Imeachta Tástála Comhchuibhithe Domhanda d'Fheithiclí Éadroma (IO L 313, 28.9.2020, lch. 4).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 427/2014 ón gCoimisiún an 25 Aibreán 2014 lena mbunaítear nós imeachta maidir le teicneolaíochtaí nuálacha a cheadú agus a dheimhniú i ndáil le hastaíochtaí $CO_2$ ó fheithiclí tráchtála éadroma a laghdú de bhun Rialachán (AE) Uimh. 510/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 125, 26.4.2014, lch. 57).

*Airteagal 3*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 4 Feabhra 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN